

I

(Rúin, moltaí agus tuairimí)

MOLTAÍ

BORD EORPACH UM RIOSCA SISTÉAMACH

MOLADH ÓN MBORD EORPACH UM RIOSCA SISTÉAMACH

an 2 Nollaig 2021

maidir le creat comhordaithe uile-Eorpach um chibirtheagmhais shistéamacha le haghaidh údarais ábhartha

(BERS/2021/17)

(2022/C 134/01)

TÁ BORD GINEARÁLTA AN BHOIRD EORPAIGH UM RIOSCA SISTÉAMACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ⁽¹⁾, go háirithe Iarscríbhinn IX de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le formhaoirseacht stuamachta ar an macraileibhéal ag an Aontas Eorpach ar an gcóras airgeadais agus lena mbunaítear Bord Eorpach um Riosca Sistéamach ⁽²⁾, agus go háirithe Airteagal 3(2)(b) agus (d) agus Airteagail 16 agus 18 de,

Ag féachaint do Chinneadh BERS/2011/1 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach an 20 Eanáir 2011 lena nglactar le Rialacha Nóis Imeachta an Bhoird Eorpaigh um Riosca Sistéamach ⁽³⁾, agus go háirithe Airteagal 18 go 20 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Mar a luaitear in aithris 4 de Mholadh BERS/2013/1 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach ⁽⁴⁾, is é cuspóir deiridh an bheartais macrastuamachta rannchuidiú le cobhsaíocht an chórais airgeadais ina iomláine a choimirciú, lena n-áirítear trí athléimneacht an chórais airgeadais a neartú agus an méadú ar rioscaí sistéamacha a laghdú, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú inbhuanaithe na hearnála airgeadais le fás eacnamaíoch a áirithiú. Tá an Bord Eorpach um Riosca Sistéamach (BERS) freagrach as maoirseacht an chórais airgeadais laistigh den Aontas. Agus a shainordú á chomhall aige, ba cheart do BERS rannchuidiú le rioscaí sistéamacha don chobhsaíocht airgeadais a chosc agus a mhaolú, lena n-áirítear na rioscaí sin a bhaineann le chibirtheagmhais, agus togra a dhéanamh maidir leis an gcaoi a bhféadfaí na rioscaí sin a mhaolú.
- (2) D'fhéadfadh cibirtheagmhais mhóra a bheith ina riosca sistéamach don chóras airgeadais ós rud é go bhféadfaidís cur isteach ar sheirbhísí agus oibríochtaí airgeadais criticiúla. D'fhéadfadh méadú ar thurraing tosaigh tarlú trí thógáil oibríochtúil nó airgeadais nó trí chreimeadh a dhéanamh ar an muinín as an gcóras airgeadais. Mura mbeidh an córas airgeadais in ann na turraingí sin a sheasamh, beidh an chobhsaíocht airgeadais i mbaol agus d'fhéadfadh cibir-ghéarchéim shistéamach a bheith mar thoradh ar an staid sin ⁽⁵⁾.

⁽¹⁾ IO L 1, 3.1.1994, lch. 3.

⁽²⁾ IO L 331, 15.12.2010, lch. 1.

⁽³⁾ IO C 58, 24.2.2011, lch. 4.

⁽⁴⁾ Moladh BERS/2013/1 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach an 4 Aibreán 2013 maidir le cuspóirí idirmheánacha agus ionstraimí beartais macrastuamachta (IO C 170, 15.6.2013, lch. 1).

⁽⁵⁾ Féach *Systemic cyber risk*, BERS, Feabhra 2020, atá le fáil ar shuíomh gréasáin BERS ag www.esrb.europa.eu

- (3) An timpeallacht bagairtí cibearshlándála atá ag síorathrú agus an méadú a tháinig ar mhór-chibirtheagmhais le déanaí, is táscairí iad ar riosca níos mó don chobhsaíocht airgeadais san Aontas. Le paidéim COVID-19 tugadh chun suntais a thábhachtaí atá ról na teicneolaíochta chun gur féidir leis an gcóras airgeadais oibriú. B'éigean do na húdaráis agus na hinstitiúidí ábhartha a mbonneagar teicniúil agus a gcreataí bainistithe riosca a oiriúnú do mhéadú tobann ar an gciannobair, rud a mhéadaigh neamhchosaint fhoriomlán an chórais airgeadais ar chibearbhagairtí agus a chuir ar chumas na gcoirpeach modi operandi nua a cheapadh agus na cinn atá ann cheana a oiriúnú chun teacht i dtír ar an staid sin ⁽⁶⁾. Ina fhianaise sin, tháinig méadú 54 % ar líon na gcibirtheagmhais a tuairiscíodh do Mhaoirseacht Baincíteachta BCE in 2020 i gcomparáid le 2019 ⁽⁷⁾.
- (4) Toisc go bhféadfadh mór-chibirtheagmhais a bheith ar mhórsála, ar luas mór agus ar ráta mór forleathantais, ní foláir do na húdaráis ábhartha freagairt éifeachtach a thabhairt chun na héifeachtaí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith ann ar gcobhsaíocht airgeadais a mhaolú. Is féidir le comhordú agus cumarsáid mhear i measc na n-údarás ábhartha ar leibhéal an Aontais cabhrú le measúnú luath a dhéanamh ar thionchar mór-chibirtheagmhais ar an gcobhsaíocht airgeadais, agus dá bharr sin muinín sa chóras airgeadais a choimeád agus an éifeacht tógálachta ar institiúidí airgeadais eile a theorannú agus ar an gcaoi sin cuidiú le cosc a chur ar mhór-chibirtheagmhais teacht chun bheith ina riosca don chobhsaíocht airgeadais.
- (5) Eascraíonn an turraing bhunúsach ar bhealach nua i gcomparáid leis na géarchéimeanna airgeadais agus leachtachta traidisiúnta a mbíonn ar na húdaráis ábhartha aghaidh a thabhairt orthu de ghnáth. Seachas na gnéithe airgeadais, ní mór scála agus tionchar na suaití oibríochtúla a áireamh sa mheasúnú riosca foriomlán toisc go bhféadfadh tionchar a bheith acu sin ar cé acu de na huirlisí macrastaumachta a roghnaítear. Ar an gcuma chéanna, d'fhéadfadh an chobhsaíocht airgeadais tionchar a imirt ar cé acu de na maolaitheoirí oibríochtúla a roghnaíonn saineolaithe cibearshlándála. Ní mór dlúth-chomhordú tapa agus cumarsáid oscailte a dhéanamh chun feachtachtaí a chothú, inter alia.
- (6) Tá an baol ann go gclisfeadh ar údaráis i ndáil le comhordú agus is gá aghaidh a thabhairt air sin. Beidh ar na húdaráis ábhartha san Aontas comhordú a dhéanamh eatarthu féin agus le húdaráis eile nach mbeidís ag idirghníomhú leo, b'fhéidir, de ghnáth amhail Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Shlándaíl Gréasáin agus Faisnéise (European Union Agency for Network and Information Security, ENISA). Ós rud é go bhfeidhmíonn líon suntasach d'institiúidí airgeadais an Aontais ar fud an domhain, má tharlaíonn cibirtheagmhais suntasach ní dóigh gur leis an Aontas amháin a bhainfidh sé nó b'fhéidir gur lasmuigh den Aontas a thionscnófaí a leithéid agus d'fhéadfadh gur ghá freagairt dhomhanda chomhordaithe faoina choinne.
- (7) Ní mór do na húdaráis ábhartha a bheith ullamh do na hidirghníomhaíochtaí sin. Mura ndéanfar amhlaidh, tá an baol ann go ndéanfaí gníomhartha neamhréireacha a thioctadh salach ar fhreagairtí údarás eile nó a chuirfeadh na freagairtí sin i mbaol. D'fhéadfadh cliseadh comhordúcháin den sórt sin an turraing a bhainfeadh don chóras airgeadais a mhéadú trí laghdú a chur ar an muinín i bhfeidhmiú an chórais airgeadais, rud a d'fhágfadh, sa chás is measa, go mbeadh an chobhsaíocht airgeadais i mbaol ⁽⁸⁾. Dá bhrí sin, ba cheart go ndéanfaí na bearta is gá chun aghaidh a thabhairt ar an riosca don chobhsaíocht airgeadais a eascraíonn as cliseadh comhordúcháin i gcás cibirtheagmhais suntasach.
- (8) Sa tuarascáil ó BERS dar teideal *Mitigating systemic cyber risk* (2021) ⁽⁹⁾ sainaithnítear an gá atá le creat comhordúcháin uile-Eorpach um chibirtheagmhais shistéamacha (EU-SCICF) a bhunú do na húdaráis ábhartha san Aontas. Bheadh sé mar chuspóir ag EU-SCICF leibhéal ullmhachta na n-údarás ábhartha a mhéadú chun freagairt chomhordaithe ar mhór-chibirtheagmhais a d'fhéadfadh tarlú a éascú. Sa tuarascáil ó BERS dar teideal *Mitigating systemic cyber risk* (2021), tugtar measúnú BERS ar na sainréithe creata a mbeadh gá leo, prima facie, chun aghaidh a thabhairt ar an riosca go gclisfeadh ar an gcomhordú.
- (9) Is é príomhchuspóir an Mholta seo cur le ceann de na róil atá beartaithe a bheadh ag na húdaráis Mhaoirseachta Eorpacha (ÚMEnna) faoin togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hathléimneacht oibríochtúil dhigiteach don earnáil airgeadais ⁽¹⁰⁾ (dá ngairtear "DORA" anseo feasta) chun freagairt chomhordaithe éifeachtach ar leibhéal an Aontais a chumasú de réir a chéile i gcás ina dtarlódh mórtheagmhais trasteorann faisnéise agus cumarsáide (TFC) nó i gcás bagairt ghaolmhar a mbeadh tionchar sistéamach aige ar earnáil airgeadais an Aontais ina hiomláine. Mar thoradh ar an bpróiseas sin cruthófar EU-SCICF do na húdaráis ábhartha.

⁽⁶⁾ Féach *Internet Organised Crime Threat Assessment*, Europol, 2020, atá le fáil ar shuíomh gréasáin Europol ag www.europol.europa.eu

⁽⁷⁾ Féach *IT and cyber risk: a constant challenge*, BCE, 2021, atá le fáil ar shuíomh gréasáin BCE um Maoirseacht Baincíteachta ag www.bankingsupervision.europa.eu

⁽⁸⁾ Féach *Systemic cyber risk*, BERS, Feabhra 2020, atá le fáil ar shuíomh gréasáin BERS ag www.esrb.europa.eu

⁽⁹⁾ Féach *Mitigating systemic cyber risk*, BERS, 2021, (le teacht).

⁽¹⁰⁾ COM/2020/595 final.

- (10) Níor cheart é a bheith d'aidhm ag EU-SCICF teacht in ionad na gcreataí atá ann cheana ach aon bhearnaí comhordúcháin agus cumarsáide a líonadh idir na húdaráis ábhartha iad féin agus le húdaráis eile san Aontas agus le príomhghníomhaithe eile ar an leibhéal idirnáisiúnta. I ndáil leis sin, ba cheart machnamh a dhéanamh ar shuíomh EU-SCICF sa chreat géarchéime airgeadais atá ann cheana agus sa tírdhreach creata cibirtheagmhais Aontais atá ann cheana. Maidir le comhordú i measc na n-údarás ábhartha féin, ba cheart machnamh a dhéanamh ar ról agus gníomhaíochtaí Ghrúpa Comhair na gCóras Gréasáin agus Faisnéise (NIS) i ndáil le heintitis airgeadais faoi Threoir (AE) 2016/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾, ach gan bheith teoranta dóibh sin amháin, agus ar na sásraí comhordúcháin a bheartaítear trí Chomhaonad Cibearchoireachta a bhunú i dteannta rannpháirtíocht ENISA.
- (11) Go sonrach, maidir leis an togra EU-SCICF a ullmhú, is é is aidhm leis tacú leis na ról a d'fhéadfadh a bheith ag na ÚMEnna, mar atá beartaithe i dtogra DORA. Moltar in DORA “go bhféadfaidh na ÚMEnna, tríd an gComhchoiste agus i gcomhar leis na húdaráis inniúla, leis an mBanc Ceannais Eorpach (BCE) agus le BERS, sásraí a bhunú chun gur féidir cleachtais éifeachtacha a chomhroinnt sna earnálacha airgeadais uile d'fhonn feabhas a chur ar an bhfeasacht staide agus chun cibirleochaileachtaí agus cibir-rioscaí comhchoiteanna sna hearnálacha uile a shainaithe” agus “go bhféadfaidh siad forbairt a dhéanamh ar fhreachnaimh um bainistiú géarchéime agus ar fhreachnaimh theagmhasacha ina ndéileáiltear le cásanna féideartha cibir-ionsaithe d'fhonn cainéil chumarsáide a fhorbairt agus freagairt chomhordaithe éifeachtach ar leibhéal an Aontais a chumasú de réir a chéile i gcás ina dtarlódh mórtheagmhas trasteorann TFC-ghaolmhar nó bagairt ghaolmhar a mbeadh tionchar aige ar earnáil airgeadais an Aontais ina hiomláine ⁽²⁾. Níl creat uile-Eorpach amháil EU-SCICF ann go fóill agus ba cheart é a bhunú agus a fhorbairt i gcomhthéacs DORA.
- (12) I bhfianaise an riosca don chobhsaíocht airgeadais san Aontas a eascraíonn as an gcibir-riosca, ba cheart tús a chur leis an réamhobair chun EU-SCICF a bhunú de réir a chéile, a mhéid is féidir, fiú sula mbeidh an creat dlíthiúil agus beartais atá riachtanach chun é a bhunú infheidhme go hiomlán. Dhéanfaí an creat dlíthiúil agus beartais sin a thabhairt chun críche go hiomlán agus chuirfí bailchríoch iomlán air ach a mbeadh forálacha ábhartha DORA agus a ghníomhartha tarmilgthe infheidhme.
- (13) Le cumarsáid éifeachtach cuirtear leis an bhfeasacht staide i measc na n-údarás ábhartha agus, dá bhrí sin, is réamhriachtanas rithábachtach í le haghaidh comhordú ar fud an Aontais le linn mór-chibirtheagmhas. I ndáil leis an méid sin, ba cheart sainiú a dhéanamh ar an mbonneagar cumarsáide is gá chun an fhreagairt ar mhór-chibirtheagmhas a chomhordú. Chiallódh sé sin go sonrúfaí an cineál faisnéise is gá a chomhroinnt, na cainéil rialta atá le húsáid chun an fhaisnéis sin a chomhroinnt agus na pointí teagmhála ar cheart faisnéis a chomhroinnt leo. Leis an gcomhroinnt faisnéise ní mór na ceanglais dhlíthiúla atá ann cheana a urramú. Ina theannta sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar na húdaráis ábhartha plean gníomhaíochta soiléir agus na prótacail a leanfar a shainiú chun comhordú ceart a áirithiú i measc na n-údarás a bhfuil baint acu le pleanáil a dhéanamh ar fhreagairt chomhordaithe ar mhór-chibirtheagmhas.
- (14) Má tharlaíonn cibir-ghéarchéim shistéamach, caithfear comhar iomlán a chur sa siúl ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais. Dá bhrí sin, maidir le pointí teagmhála a ainmniú do na ÚMEnna, do BCE agus do gach Ballstát as measc a n-údarás náisiúnta ábhartha, arb ainmniú é ba cheart a chur in iúl do na ÚMEnna, d'fhéadfaí an t-ainmniú sin a bheartú chun go leagfar amach na príomh-idirghabhálaithe i scéim comhordúcháin EU-SCICF a bheidh le cur ar an eolas i gcás mór-chibirtheagmhais. Ba cheart measúnú a dhéanamh ar an ngá le pointí teagmhála a ainmniú le linn fhorbairt EU-SCICF, agus an pointe teagmhála aonair arna ainmniú faoi Threoir (AE) 2016/1148 atá bunaithe ag na Ballstáit maidir le slándáil na gcóras gréasáin agus faisnéise chun comhar trasteorann le Ballstáit eile agus le Grúpa Comhair NIS a áirithiú á chur san áireamh ⁽³⁾.
- (15) Le bainistiú géarchéime agus freachnaimh theagmhasacha a chur i gcrích d'fhéadfaí cur chun feidhme EU-SCICF a éascú agus cur ar chumas na n-údarás meastóireacht a dhéanamh ar a ullmhaithe agus a réitithe atá siad le haghaidh cibir-ghéarchéim shistéamach ar leibhéal an Aontais. Leis na freachnaimh sin chuirfí ar fáil do na húdaráis na ceachtanna a foghlaimíodh agus bheifí in ann feabhas agus éabhlóid leanúnach a chur ar EU-SCICF.

⁽¹⁾ Treoir (AE) 2016/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2016 maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann slándála do chórais ghréasáin agus faisnéise ar fud an Aontais (IO L 194, 19.7.2016, lch. 1).

⁽²⁾ Féach dréacht-Airteagal 43 den togra le haghaidh DORA.

⁽³⁾ Féach *European Commission, NIS Cooperation Group*, atá le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh ag ec.europa.eu

- (16) Chun EU-SCICF a fhorbairt, tá sé ríthábhachtach go ndéanfaidh na ÚMEnna obair ullmhúcháin i gcomhpháirt le chéile chun go bhfaighfeadh amach cad iad na príomhghnéithe a d'fhéadfadh a bheith sa chreat agus cad iad na hacmhainní agus na riachtanais is gá chun go rachfar ar aghaidh lena fhorbairt. Ina dhiaidh sin, d'fhéadfadh na ÚMEnna tús a chur le réamhanailís ar aon bhacainní a d'fhéadfadh a bheith ina mbac ar chumas na ÚMEnna agus na n-údarás ábhartha EU-SCICF a bhunú agus faisnéis ábhartha a chomhroinnt trí chainéil chumarsáide i gcás mór-chibirtheamhais. Céim thábhachtach a bheadh in anailís den sórt sin agus í ina bonn eolais ar a mbunófaí aon ghníomhaíocht eile, bíodh an ghníomhaíocht sin ina reachtaíocht nó ina tionscnaimh thacaíochta eile a d'fhéadfadh an Coimisiún Eorpach a ghlacadh le linn na céime cur chun feidhme tar éis DORA,

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

ROINN 1

MOLTAÍ

Moladh A – Creat comhordúcháin uile-Eorpach um chibirtheamhais shistéamacha a bhunú (EU-SCICF)

1. Moltar, mar atá beartaithe sa togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hathléimneacht oibríochtúil dhigiteach don earnáil airgeadais (dá ngairtear “DORA” anseo feasta), do na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha (ÚMEnna), go comhpháirteach tríd an gComhchoiste, agus in éineacht leis an mBanc Ceannais Eorpach (BCE), leis an mBord Eorpach um Riosca Sistémach (BERS) agus leis na húdaráis náisiúnta ábhartha, tús a chur leis an ullmhúchán le haghaidh forbairt chéimseach ar fhreagairt chomhordaithe ar leibhéal an Aontais i gcás ina dtarlódh mór-chibirtheamhas trasteorann nó baol gaolmhar a bhféadfadh tionchar sistémach a bheith aige ar earnáil airgeadais an Aontais. Mar chuid den obair ullmhúcháin i dtreo freagairt chomhordaithe ar leibhéal an Aontais, ba cheart go ndéanfaí EU-SCICF a fhorbairt go céimseach do na ÚMEnna, do BCE, do BERS agus do na húdaráis náisiúnta ábhartha. Ba cheart measúnú ar na riachtanais acmhainní chun EU-SCICF a fhorbairt go héifeachtach a chur san áireamh leis sin freisin.
2. Moltar go dtabharfadh na ÚMEnna, i bhfianaise fho-Mholadh A(1), i gcomhairle le BCE agus le BERS, faoi mhapáil agus anailís ina dhiaidh sin ar bhacainní reatha, ar bhacainní dlíthiúla agus ar bhacainní oibríochtúla eile i ndáil le forbairt éifeachtach EU-SCICF.

Moladh B – Pointí teagmhála EU-SCICF a bhunú

Moltar go ndéanfaidh na ÚMEnna, BCE agus gach Ballstát príomhphointe teagmhála a ainmniú as measc a n-údarás náisiúnta ábhartha agus ba cheart an pointe teagmhála sin a chur in iúl do na ÚMEnna. Leis an liosta teagmhála sin, éascófar forbairt an chreata agus, ach a mbeidh EU-SCICF i bhfeidhm, ba cheart na pointí teagmhála agus BERS a chur ar an eolas i gcás ina dtarlaíonn mór-chibirtheamhas. Ba cheart comhordú a bheartú freisin idir EU-SCICF agus an pointe teagmhála aonair arna ainmniú faoi Threoir (AE) 2016/1148 atá bunaithe ag na Ballstáit maidir le slándáil na gcóras gréasáin agus faisnéise chun comhar trasteorann le Ballstáit eile agus leis an nGrúpa Comhair maidir le Córais Ghréasáin agus Faisnéise a áirithiú.

Moladh C – Bearta iomchuí ar leibhéal an Aontais

Moltar, bunaithe ar thoradh na n-anailísí arna ndéanamh i gcomhréir le Moladh A, gur cheart don Choimisiún a mhachnamh a dhéanamh ar na bearta iomchuí is gá chun comhordú éifeachtach na bhfreagairtí ar chibirtheamhais shistéamacha a áirithiú.

ROINN 2

CUR CHUN FEIDHME

1. Sainmhínte

Chun críocha an Mholta seo, tá feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

- (a) ciallaíonn “cibear” agus “cibir” gaolmhar leis an mbonneagar faisnéise idirnasctha idirghníomhaíochtaí idir daoine, próisis, sonraí agus córais faisnéise, laistigh den bhonneagar sin nó trí mheán an bhonneagair sin ⁽¹⁴⁾;

⁽¹⁴⁾ Féach Cyber Lexicon, BCA, 12 Samhain 2018, ar fáil ar shuíomh gréasáin an Bhoird um Chobhsaíocht Airgeadais ag www.fsb.org

- (b) ciallaíonn “mór-chibirtheagmhas” teagmhas a bhaineann le TFC agus a bhféadfadh mórthionchar díobhálach a bheith aige ar na córais ghréasáin agus faisnéise lena dtacaítear le feidhmeanna criticiúla na n-eintiteas airgeadais ⁽¹⁵⁾;
- (c) ciallaíonn “cibir-ghéarchéim shistéamach” mór-chibirtheagmhas is cúis le leibhéal suaite i gcóras airgeadais an Aontais a bhféadfadh iarmhairtí tromchúiseacha diúltacha a bheith ann dá bharr d’oibriú rianúil an mhargaidh inmheánaigh agus d’fheidhmiú an fhíorghuilleagair. D’fhéadfadh géarchéim den sórt sin a bheith mar thoradh ar mhór-chibirtheagmhas agus a bheith ina cúis le turraingí i gcainéil éagsúla, lena n-áirítear cainéil oibríochtúla, mhuiníne agus airgeadais;
- (d) ciallaíonn “Údarás Mhaoirseachta Eorpacha” nó na “ÚMEnna” an tÚdarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Baincéireachta Eorpach) arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁶⁾, mar aon leis an Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde) arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁷⁾ agus an tÚdarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí) arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁸⁾;
- (e) ciallaíonn “Comhchoiste” Comhchoiste na nÚdarás Maoirseachta Eorpach arna bhunú in Airteagal 54 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 agus de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010;
- (f) ciallaíonn “údarás náisiúnta ábhartha”:
1. údarás inniúil nó údarás maoirseachta i mBallstát mar a shonraítear sna gníomhartha de chuid an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 agus de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 agus aon údarás inniúil náisiúnta eile mar a shonraítear i ngníomhartha de chuid an Aontais lena dtugtar cúraimí do na ÚMEnna;
 2. údarás inniúil i mBallstát arna ainmniú i gcomhréir leis an méid seo a leanas:
 - i. Airteagal 4 de Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁹⁾, gan dochar do na cúraimí sonracha a thugtar do BCE le Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle ⁽²⁰⁾;
 - ii. Airteagal 22 de Threoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²¹⁾;
 - iii. Airteagal 37 de Threoir 2009/110/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²²⁾;
 - iv. Airteagal 4 de Threoir (AE) 2019/2034 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²³⁾;

⁽¹⁵⁾ Féach pointe (7) de dhreacht-Airteagal 3 den togra le haghaidh DORA.

⁽¹⁶⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12).

⁽¹⁷⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/79/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 48).

⁽¹⁸⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

⁽¹⁹⁾ Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338).

⁽²⁰⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2013 lena dtugtar cúraimí sainiúla don Bhanc Ceannais Eorpach i dtaca le beartais a bhaineann le maoirseacht stuamachta institiúidí creidmheasa (IO L 287, 29.10.2013, lch. 63).

⁽²¹⁾ Treoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le seirbhísí fócaíochta sa mhargadh inmheánach, lena leasaítear Treoracha 2002/65/CE, 2009/110/CE agus 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh 1093/2010, agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/64/CE (IO L 337, 23.12.2015, lch. 35).

⁽²²⁾ Treoir 2009/110/CE an 16 Meán Fómhair 2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le dul i mbun gnó foras airgid leictreonaigh, gnó den sórt sin a shaothrú nó maoirsiú stuamachta a dhéanamh air, lena leasaítear Treoracha 2005/60/CE agus 2006/48/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2000/46/CE (IO L 267, 10.10.2009, lch. 7).

⁽²³⁾ Treoir (AE) 2019/2034 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le maoirseacht stuamachta ar ghnólaichtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoracha 2002/87/CE, 2009/65/CE, 2011/61/AE, 2013/36/AE, 2014/59/AE agus 2014/65/AE (IO L 314, 5.12.2019, lch. 64).

- v. an chéad fhleasc de phointe (ee) d'Airteagal 3(1) den togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Margaí Cripteashócmhainní, agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937 ⁽²⁴⁾;
- vi. Airteagal 11 de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁵⁾;
- vii. Airteagal 22 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁶⁾;
- viii. Airteagal 67 de Threoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁷⁾;
- ix. Airteagal 22 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012;
- x. Airteagal 44 de Threoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁸⁾;
- xi. Airteagal 97 de Threoir 2009/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁹⁾;
- xii. Airteagal 30 de Threoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁰⁾;
- xiii. Airteagal 12 de Threoir (AE) 2016/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³¹⁾;
- xiv. Airteagal 47 de Threoir (AE) 2016/2341 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³²⁾;
- xv. Airteagal 22 de Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³³⁾;
- xvi. Airteagal 3(2) agus ag Airteagal 32 de Threoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁴⁾;
- xvii. Airteagal 40 de Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁵⁾;
- xviii. Airteagal 29 de Rialachán (AE) 2020/1503 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁶⁾;

⁽²⁴⁾ COM/2020/593 final.

⁽²⁵⁾ Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le socraíocht urrús san Aontas Eorpach a fheabhsú agus maidir le taisclanna lárnacha urrús agus lena leasaítear Treoracha 98/26/CE agus 2014/65/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 236/2012 (IO L 257, 28.8.2014, lch. 1).

⁽²⁶⁾ Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála (IO L 201, 27.7.2012, lch. 1).

⁽²⁷⁾ Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349).

⁽²⁸⁾ Treoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2011 maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartacha agus lena leasaítear Treoracha 2003/41/CE agus 2009/65/CE agus Rialacháin (CE) Uimh. 1060/2009 agus (AE) Uimh. 1095/2010 (IO L 174, 1.7.2011, lch. 1).

⁽²⁹⁾ Treoir 2009/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le comhordú dlíthe, rialachán, agus forálacha riaracháin a bhaineann le gnóthais le haghaidh comhinfeistíochta in urrúis inaistrithe (GCUI) (IO L 302, 17.11.2009, lch. 32).

⁽³⁰⁾ Treoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le gabháil le gnó an Árachais agus an Atharachais agus an gnó sin a shaothrú (Sócmhainneacht II) (IO L 335, 17.12.2009, lch. 1).

⁽³¹⁾ Treoir (AE) 2016/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Eanáir 2016 maidir le dáileadh árachais (IO L 26, 2.2.2016, lch. 19).

⁽³²⁾ Treoir (AE) 2016/2341 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2016 maidir le gníomhaíochtaí agus maoirseacht institiúidí um chóir ar scor ceirde (IORPanna) (IO L 354, 23.12.2016, lch. 37).

⁽³³⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le gníomhaireachtaí rátála creidmheasa (IO L 302, 17.11.2009, lch. 1).

⁽³⁴⁾ Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006 maidir le hiniúchtaí reachtúla ar chuntais bhliantúla agus ar chuntais chomhdhlúite, lena leasaítear Treoracha 78/660/CEE ón gComhairle agus 83/349/CEE ón gComhairle agus lena n-aighnítear Treoir 84/253/CEE ón gComhairle (IO L 157, 9.6.2006, lch. 87).

⁽³⁵⁾ Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le hinnéacsanna a úsáidtear mar thagarmharcanna in ionstraimí airgeadais nó i gconarthaí airgeadais nó chun feidhmíocht cistí infheistíochta a thomhas agus lena leasaítear Treoracha 2008/48/CE agus 2014/17/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 (IO L, 17.12.2016, lch. 1).

⁽³⁶⁾ Rialachán (AE) 2020/1503 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2020 maidir le soláthraithe Eorpacha seirbhísí sluachistíocháin le haghaidh gnó agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1129 agus Treoir (AE) 2019/1937 (IO L 347, 20.10.2020, lch. 1).

3. údarás a gcuirtear ar a iontaoibh bearta beartais macrastuamachta a ghlacadh agus/nó a ghníomhachtú nó a gcuirtear cúraimí eile cobhsaíochta airgeadais ar a iontaoibh, amhail anailís tacaíochta ghaolmhar, lena n-áirítear an méid seo a leanas ach gan bheith teoranta dóibh:

- i. údarás ainmnithe de bhun Chaibidil 4 de Theideal VII de Threoir 2013/36/AE nó Airteagal 458(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁷⁾;
- ii. údarás macrastuamachta lena ngabhann na cuspóirí, na socruithe, na cúraimí, na cumhachtaí, na hionstraimí, na ceanglais chuntasachta agus na saintréithe eile a leagtar amach i Moladh BERS/2011/3 ón mBord Eorpach um Riosca Sistémach ⁽³⁸⁾;

(g) ciallaíonn “údarás ábhartha”:

1. ÚME;
2. BCE maidir leis na cúraimí a thugtar dó i gcomhréir le hAirteagail 4(1) agus (2) agus Airteagal 5(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013;
3. údarás náisiúnta ábhartha.

2. Critéir maidir le cur chun feidhme

Tá feidhm ag na critéir seo a leanas maidir le cur chun feidhme an Mholta seo:

- (a) ba cheart aird chuí a thabhairt ar phrionsabal an riachtanais eolais agus ar phrionsabal na comhréireachta, agus cuspóir agus inneachar gach Molta á gcur san áireamh;
- (b) ba cheart na critéir shonracha chomhlíontachta a leagtar amach san Iarscríbhinn maidir le gach Moladh a chomhlíonadh.

3. Amlíne do na bearta leantacha

I gcomhréir le hAirteagal 17(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010, ní mór do na seolaithe na gníomhaíochtaí a rinneadh mar fhreagairt ar an Moladh seo a chur i gcumarsáid chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig BERS nó ní mór dóibh bunús a thabhairt le haon easpa gníomhaíochta. Iarrtar ar na seolaithe an chumarsáid sin a thíolacadh i gcomhréir leis na hamlínte seo a leanas:

1. Moladh A

- (a) Faoin 30 Meitheamh 2023, ach tráth nach luaithe ná sé mhí tar éis do DORA teacht i bhfeidhm, iarrtar ar na ÚMEnna tuarascáil eatramhach maidir le cur chun feidhme fho-Mholadh A(1) a thíolacadh do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle, don Choimisiún agus do BERS.
- (b) Faoin 30 Meitheamh 2024, ach tráth nach luaithe ná 18 mí tar éis do DORA teacht i bhfeidhm, iarrtar ar na ÚMEnna tuarascáil deiridh maidir le cur chun feidhme fho-Mholadh A(1) a thíolacadh do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle, don Choimisiún agus do BERS.
- (c) Faoin 30 Meitheamh 2025, ach tráth nach luaithe ná 30 mhí tar éis do DORA teacht i bhfeidhm, iarrtar ar na ÚMEnna tuarascáil ar chur chun feidhme fho-Mholadh A(2) a thíolacadh do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle, don Choimisiún agus do BERS.

2. Moladh B

Faoin 30 Meitheamh 2023, ach tráth nach luaithe ná sé mhí tar éis do DORA teacht i bhfeidhm, iarrtar ar na ÚMEnna, ar BCE agus ar na Ballstáit tuarascáil maidir le cur chun feidhme Mholadh B a thíolacadh do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle, don Choimisiún agus do BERS.

3. Moladh C

- (a) Faoin 31 Nollaig 2023 ach tráth nach luaithe ná 12 mhí tar éis do DORA teacht i bhfeidhm, iarrtar ar an gCoimisiún tuarascáil ar chur chun feidhme Mholadh C a thíolacadh do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus do BERS i bhfianaise na tuarascála eatramhaí ó na ÚMEnna i gcomhréir le fo-Mholadh A(1).

⁽³⁷⁾ Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólaichtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).

⁽³⁸⁾ Moladh BERS/2011/3 ón mBord Eorpach um Riosca Sistémach an 22 Nollaig 2011 maidir le sainordú macrastuamachta na n-údarás náisiúnta (IO C 41, 14.2.2012, lch. 1).

- (b) Faoin 31 Nollaig 2025, ach tráth nach luaithe ná 36 mhí tar éis do DORA teacht i bhfeidhm, iarrtar ar an gCoimisiún tuarascáil ar chur chun feidhme Mholadh C a thíolacadh do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus do BERS i bhfianaise na dtuarascálacha ó na ÚMEnna i gcomhréir le Moladh A.

4. Faireachán agus measúnú

1. Déanfaidh Rúnaíocht BERS an méid seo a leanas:

- (a) cúnaimh a thabhairt do na seolaithe, lena n-áirithítear comhordú an tuairiscithe agus soláthar na dteimpléad ábhartha, agus mionsonrú a dhéanamh, i gcás inarb gá, ar an nós imeachta agus ar an amlíne le haghaidh na mbeart leantach;
- (b) bearta leantacha na seolaithe a fhíorú, cúnaimh a thabhairt arna iarraidh sin dóibh, agus tuarascálacha leantacha a thíolacadh don Bhord Ginearálta. Tionscnófar na measúnuithe mar seo a leanas:
- (i) laistigh de 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm DORA, maidir le cur chun feidhme Mholadh A agus Mholadh B;
- (ii) laistigh de 18 mí tar éis theacht i bhfeidhm DORA, maidir le cur chun feidhme Mholadh C;
- (iii) laistigh de 24 mhí tar éis theacht i bhfeidhm DORA, maidir le cur chun feidhme Mholadh A;
- (iv) laistigh de 36 mhí tar éis theacht i bhfeidhm DORA, maidir le cur chun feidhme Mholadh A;
- (v) laistigh de 42 mhí tar éis theacht i bhfeidhm DORA, maidir le cur chun feidhme Mholadh C;

2. Déanfaidh an Bord Ginearálta measúnú ar na gníomhaíochtaí agus ar na réasúnuithe arna gcur i gcumarsáid chuig na seolaithe agus, i gcás inarb iomchuí, féadfaidh sé cinneadh a dhéanamh nár leanadh an Moladh seo agus gur mhainnigh seolaí réasúnú leormhaith a thabhairt i ndáil lena easpa gnímh.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, 2 Nollaig 2021.

Ceann Rúnaíocht BERS,
Ar son Bhord Ginearálta BERS
Francesco MAZZAFERRO

IARSCRÍBHINN

SONRAÍOCHT NA gCRITÉAR COMHLÍONTACHTA IS INFHEIDHME MAIDIR LEIS NA MOLTAÍ

Moladh A – Creat comhordúcháin uile-Eorpach um chibirtheamhais shistéamacha a bhunú (EU-SCICF)

Maidir le fo-Moladh A(1), sonraítear na critéir chomhlíontachta seo a leanas.

1. Agus é ag ullmhú do fhreagairt chomhordaithe éifeachtach ar leibhéal an Aontais ar cheart forbairt chéimseach EU-SCICF a bheith i gceist leis trí fheidhmiú na cumhachta atá beartaithe sa Rialachán a bheidh ann amach anseo ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hathléimneacht oibríochtuil dhigiteach don earnáil airgeadais (dá ngairtear “DORA” anseo ina dhiaidh seo), ba cheart do na húdaráis Mhaoirseachta Eorpacha (ÚMEnna), ag gníomhú dóibh tríd an gComhchoiste, agus in éineacht leis an mBanc Ceannais Eorpach (BCE), leis an mBord Eorpach um Riosca Sistémach (BERS) agus leis na húdaráis náisiúnta ábhartha, agus i gcomhairle le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Shlándaíl Gréasáin agus Faisnéise agus leis an gCoimisiún i gcás ina meastar gur gá sin, a machnamh a dhéanamh ar na gnéithe seo a leanas a chur san áireamh san ullmhúchán atá beartaithe le haghaidh EU-SCICF:
 - a. anailís ar na riachtanais acmhainní chun forbairt éifeachtach a dhéanamh ar EU-SCICF;
 - b. forbairt a dhéanamh ar fhreachnaimh bainistithe géarchéime agus ar fhreachnaimh theagmhais ina ndéileálfaí le cásanna féideartha ina dtarlódh cibirionsaí d’fhonn cainéil chumarsáide a fhorbairt;
 - c. stór focal coiteann a fhorbairt;
 - d. aicmiú comhleanúnach cibirtheamhas a fhorbairt;
 - e. cainéil shlána iontaofa um chomhroinnt faisnéise, lena n-áirítear córais chúltaca, a bhunú;
 - f. pointí teagmhála a bhunú;
 - g. aghaidh a thabhairt ar an rúndacht sa chomhroinnt faisnéise;
 - h. tionscnaimh chomhair agus comhroinnte faisnéise le lucht cibear-rúnaisnéise na hearnála airgeadais;
 - i. próisis éifeachtacha um ghníomhachtú agus um fhormhéadú a fhorbairt trí fheasacht staide;
 - j. na freagrachtaí atá ar rannpháirtithe an chreata a shoiléiriú;
 - k. comhéadain a fhorbairt le haghaidh comhordú trasearnálach agus, i gcás inarb ábhartha, le haghaidh comhordú tríú tír;
 - l. cumarsáid chomhleanúnach ag na húdaráis ábhartha leis an bpobal a áirithiú chun muinín a chaomhnú;
 - m. línte réamhshainithe cumarsáide a bhunú le haghaidh cumarsáid thráthúil;
 - n. freachnaimh iomchuí tástála creata a chleachtadh, lena n-áirítear tástáil thrasdlínseach agus comhordú tríú tír, agus measúnuithe a mbíonn ceachtanna foghlamtha agus éabhlóid creata mar thoradh orthu;
 - o. cumarsáid éifeachtach agus frithbhearta i gcoinne na bréagaisnéise a áirithiú.

Moladh B – Pointí teagmhála EU-SCICF a bhunú

Maidir le Moladh B, sonraítear na critéir chomhlíontachta seo a leanas.

1. Ba cheart do na ÚMEnna, do BCE agus do gach Ballstát as measc a n-údarás náisiúnta ábhartha teacht ar chomhaontú maidir le cur chuige coiteann i leith liosta na bpointí teagmhála ainmnithe de chuid EU-SCICF a chomhroinnt agus a choinneáil cothrom le dáta.
2. Ba cheart measúnú a dhéanamh ar ainmniú an phointe teagmhála agus ba cheart go dtabharfaí san áireamh sa mheasúnú sin an pointe teagmhála aonair arna ainmniú faoi Threoir (AE) 2016/1148 atá bunaithe ag na Ballstáit maidir le slándáil na gcóras gréasáin agus faisnéise chun comhar trasteorann le Ballstáit eile agus leis an nGrúpa Comhair maidir le Córais Ghréasáin agus Faisnéise a áirithiú.

Moladh C – Athruithe ar chreat dlíthiúil an Aontais

Maidir le Moladh C, sonraítear an critéar comhlíontachta seo a leanas.

Ba cheart don Choimisiún a mhachnamh a dhéanamh i dtaobh an bhfuil aon bhearta, lena n-áirítear athruithe ar reachtaíocht ábhartha an Aontais, de dhíth mar thoradh ar an anailís arna déanamh i gcomhréir le Moladh A chun a áirithiú gur féidir leis na ÚMEnna, tríd an gComhchoiste agus in éineacht le BCE, le BERS agus leis na húdaráis náisiúnta ábhartha EU-SCICF a fhorbairt i gcomhréir le fo-Mholadh A(1) agus chun a áirithiú gur féidir leis na ÚMEnna, le BCE, le BERS agus leis na húdaráis náisiúnta ábhartha, chomh maith le húdaráis eile, dul i mbun gníomhaíochtaí comhordúcháin agus malartú faisnéise atá mionsonraithe agus comhsheasmhach go leor chun tacaíocht a thabhairt do EU-SCICF éifeachtach.
